2026/2450

30.10.2026

TREOIR (AE) 2026/2450 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun feabhas a chur ar chosaint oibrithe ar rioscaí a eascraíonn as nochtadh do charcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair agus chun an t-íosleibhéal cosanta céanna a áirithiú ar fud an Aontais, is gá nuashonrú rialta a dhéanamh ar Threoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Ba cheart teorainnluachanna nochta ceirde a bhunú nó a athbhreithniú i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear fianaise eolaíoch agus sonraí teicniúla atá cothrom le dáta, agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar mheasúnú críochnúil ar an tionchar socheacnamaíoch agus ar fhachtóirí indéantachta. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, tuairimí ó Choiste um Measúnú Riosca (CMR) na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA), arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus tuairimí ón gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (ACSH), arna bhunú le Cinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 ([5]). Soláthraítear sna tuairimí sin an fhianaise eolaíoch is gá chun bunús a thabhairt le haon togra ón gCoimisiún chun Treoir 2004/37/CE a leasú. Thairis sin, tá siad bunaithe ar thaithí phraiticiúil agus ar réaltachtaí an ionaid oibre ar fud an Aontais agus is léiriú iad ar chomhthoil leathan. Tá tábhacht ar leith sa chomhthéacs sin ag baint le tuairimí ó ACSH, ar toradh iad ar an gcomhdhearcadh tríphàirteach, agus ba cheart iad a chur san áireamh. I gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([6]), ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil a thograí bunaithe ar fhianaise láidir agus ar rannpháirtíocht chuimsitheach geallsealbhóirí, agus ba cheart dó measúnú córasach a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil na dtograí uaidh. Ba cheart, leis na tograí uaidh, prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a urramú, i gcomhréir leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

([1]) IO C, C/2026/73, 30.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/73/oj.

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Deireadh Fómhair 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2026.

([3]) Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (an Séú Treoir aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/37/oj).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

([5]) Cinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C 218, 13.9.2003, lch. 1).

([6]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

(2) Cumhdaítear le Treoir 2004/37/CE substaintí nó meascáin a chomhlíonann na critéir lena n-aicmiú mar charcanaigin, só-ghineach nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), chomh maith leis na substaintí, na meascáin nó na próisis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin. Is gá fianaise eolaíoch láidir a sholáthar maidir le haon ábhair nua a chuirtear le liosta na substaintí, na meascán agus na bpróiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE chun a léiriú go dtagann na substaintí, na meascáin agus na próisis siúd faoi raon feidhme na Treorach sin, bunaithe ar a bhfuil ar fáil d'fhoinsí eolaíocha bailí, amhail ECHA, an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse agus comhlachtaí náisiúnta, agus aird ar leith á tabhairt ar an litríocht fhoilsithe phiarmheasúnaithe maidir leis na substaintí, na meascáin agus na próisis sin. Chun an leibhéal is airde cosanta a áirithiú d'oibrithe, ba cheart don Choimisiún feabhas a chur ar a iarrachtaí substaintí tosaíochta a shainaithint chun teorainnluachanna a shocrú faoin Treoir sin ar bhonn na faisnéise is fearr atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, agus, an tráth céanna, an úsáid is fearr á baint as acmhainní buiséadacha agus riaracháin atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo, agus riachtanais eolaíocha agus riaracháin á gcur san áireamh.

(3) Na substaintí, na meascáin agus na próisis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE, agus na substaintí agus na meascáin a scaoiltear trí na próisis sin, tá siad éagsúil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil acu éifeachtaí atá carcanaigineach, atá só-ghineach nó atá tocsaineach don atáirgeadh. Is iomchuí, dá bhrí sin, na sainmhínithe ar 'carcanaigin', 'só-ghineach' agus 'substaint atá tocsaineach don atáirgeadh' dá bhforáiltear sa Treoir sin a shoiléiriú, chun a áirithiú go gcumhdaítear na substaintí, na meascáin agus na próisis ábhartha le gach ceann de na sainmhínithe sin. Is iomchuí freisin an sainmhíniú ar 'shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh' a ailíniú leis na sainmhínithe ar 'carcanaigin' agus ar 'só-ghineach'.

(4) I gcás só-ghineach agus fhormhór na gcarcanaiginí, ní féidir, ó thaobh na heolaíochta de, leibhéil a shainaithint nach mbeadh éifeachtaí díobhálacha sláinte mar thoradh ar nochtadh faoina mbun. Bíodh is go bhfuil sé ina chuidiú teorainnluachanna maidir le nochtadh ag an obair do charcanaiginí agus só-ghineacha a shocrú i dTreoir 2004/37/CE chun laghdú suntasach a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as an nochtadh sin trí bhíthin an chur chuige céim ar chéim agus socrú spriocanna a glacadh sa Treoir sin, ní chuireann sé sin deireadh iomlán, mar sin féin, leis na rioscaí do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe a eascraíonn as nochtadh ag an obair (rioscaí iarmharacha). Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go ndéantar na rioscaí iarmharacha sin a chur in iúl d'oibrithe ar bhealach soiléir trédhearcach le linn oiliúint na n-oibrithe dá bhforáiltear sa Treoir sin. I dtuairim uaithi an 10 Nollaig 2025 dar teideal '*Communication of the residual risks associated with the binding OELs of carcinogens*' [Cumarsáid na rioscaí iarmharacha a bhaineann le OELanna ceangailteacha carcanaiginí], ghlac ACSH, de chomhthoil, liosta de rioscaí iarmharacha a bhaineann leis na teorainnluachanna nochta ceirde ceangailteacha reatha do charcanaiginí faoi Threoir 2004/37/CE agus Treoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

(5) D'fhéadfadh oibrithe a bheith níos neamhchosanta nó níos leochailí i leith cineálacha éagsúla substaintí mar gheall ar a n-inscne. Ba cheart leanúint den mhéid sin a chur san áireamh i dtaighde sláinte agus sábháilteachta ceirde, i staidéir eolaíocha agus i dtuairimí ó CMR agus ó ACSH, agus cuspóir rannpháirtíocht na bhfear agus na mban i margadh an tsaothair á chur san áireamh ag an am céanna.

(6) Úsáidtear substaintí áirithe a chumhdaítear le Treoir 2004/37/CE in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Aontas. Cé gur tosaíochtaí de chuid an Aontais iad an t-aistriú tionsclaíoch a chur chun cinn, an geilleagar ciorclach a spreagadh agus an neamhspleáchas straitéiseach idirnáisiúnta maidir le hamhábhair a choinneáil ar bun agus a fheabhsú, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go bhfaighidh oibrithe leibhéal ard cosanta inchomparáide ar rioscaí sláinte a bhaineann le nochtadh ceirde. Aithnítear freisin i bPrionsabal 10 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ([9]) an ceart atá ag oibrithe ar ardleibhéal cosanta dá sláinte agus dá sábháilteacht ag an obair, lena n-áirítear cosaint ar nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha agus do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh san ionad oibre. Chuige sin, cuirtear san áireamh sa phróiseas chun teorainnluachanna nochta ceirde a shocrú ní hamháin breithnithe eolaíocha agus sláinte, ach gnéithe socheacnamaíocha freisin, rud lena dtugtar údar i gcásanna áirithe le hidirthréimhsí a bhunú.

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).

([8]) Treoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'aispeist ag an obair (IO L 330, 16.12.2009, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/148/oj).

([9]) IO C 428, 13.12.2017, lch. 10.

(7) Rinne an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse múch tháthúcháin a aicmiú mar shubstaint atá 'carcanaigineach don duine' (Grúpa 1 d'aicmiú na Gníomhaireachta). De réir na tuarascála creatstaidéir ó ECHA dar teideal *Scoping Study report for evaluation of limit values for welding fumes and fumes from other processes that generate fume in a similar way at the workplace* [Tuarascáil Chreatstaidéir chun meastóireacht a dhéanamh ar theorainnluachanna le haghaidh múch tháthúcháin agus múch ó phróisis eile lena ngintear múch ar an gcaoi chéanna san ionad oibre], tá múch tháthúcháin agus múch ó phróisis eile lena ngintear múch ar bhealach comhchosúil, coimpléascach agus d'fhéadfadh carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a bheith iontu, amhail comhdhúile cróimiam(VI), comhdhúile nicile, caidmiam agus comhdhúile neamhórgánacha. Tar éis do ACSH breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí atá ar fáil, lena n-áirítear an tuarascáil creatstaidéir ó ECHA a mhéid a bhaineann leis an tionchar ar shláinte agus ar shábháilteacht oibrithe, mhol sé gan ach obair lena mbaineann nochtadh do mhúch tháthúcháin a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE. Cuireann coimpléascacht agus ilchineálacht na múiche táthúcháin, mar aon leis an easpa aicmiú comhchuibhithe i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, leis an easpa soiléireachta maidir leis an gcontúirt a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo d'oibrithe, agus dá bhrí sin, leis an easpa bearta bainistithe riosca iomchuí san ionad oibre. Dá dtabharfaí aghaidh ar an easpa aicmithe sin le haghaidh múch tháthúcháin ar leibhéal an Aontais, d'áiritheofaí tuilleadh soiléireacht dhlíthiúil i dtaobh chur i bhfeidhm Threoir 2004/37/CE. Is iomchuí, dá bhrí sin, i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, go n-áireofaí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE obair a bhaineann le nochtadh do mhúch ó phróisis táthúcháin ina bhfuil substaintí nó meascáin a chomhlíonann na critéir lena n-aicmiú mar charcanaigin, só-ghineach nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Sa tuairim sin ó ACSH, bhí moladh freisin chun treoraíocht a fhorbairt maidir le múch tháthúcháin. Anuas ar an treoir dá bhfuil ann cheana, mar shampla, an treoir dar teideal *Guidance for National Labour Inspectors on addressing health risks from Welding Fume* [Treoir do Chigirí Náisiúnta Saothair maidir le haghaidh a thabhairt ar rioscaí sláinte ó Mhúch Tháthúcháin], a d'fhorbair Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair in 2018, d'fhéadfadh treoir bhreise ón Aontas, i gcomhréir le Creat Straitéiseach an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an obair ar bhonn na fianaise eolaíche is déanaí, a bheith ina cúnamh do chigirí saothair agus d'fhiontair, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear micrifhiontair, chun a áirithiú go gcomhlíonfar an iontráil maidir le múch tháthúcháin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE. D'fhéadfaí an treoir sin a úsáid, inter alia, chun íosleibhéal ard coiteann cosanta ar fud na mBallstát a chur chun cinn do gach oibrí a nochtar do mhúch tháthúcháin.

(8) Comhlíonann miotal cóbailt agus roinnt comhdhúile cóbailt na critéir lena n-aicmiú mar charcanaiginí agus mar shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1B i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaiginí nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh iad mar a shainmhínítear i dTreoir 2004/37/CE. Is minic a nochtar oibrithe do mheascán de chomhdhúile cóbailt agus ba cheart teorainnluachanna nochta ceirde a chur i bhfeidhm dá bhrí sin maidir le gach comhdhúil cóbailt neamhorgánach. Is iomchuí, dá bhrí sin, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, teorainnluach a bhunú le haghaidh cóbailt agus comhdhúile cóbailt neamhorgánacha i dTreoir 2004/37/CE.

(9) Tháinig an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ar an gconclúid, ar bhonn na tuairime ó CMR, go bhféadfadh íogrú deirmeach agus íogrú na conaire riospráide a bheith mar thoradh ar nochtadh do chóbalt agus do chomhdhúile cóbailt neamhorgánacha san ionad oibre. Dá bhrí sin, is iomchuí teorainnluachanna a bhunú le haghaidh codáin in-ionanálaithe agus inanálaithe cóbailt agus na gcomhdhúl neamhorgánach de faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE agus nodaireacht maidir le híogrú deirmeach agus riospráide a shannadh dóibh.

(10) I gcás cóbailt agus comhdhúl cóbailt neamhorgánach, tuartar go mbeidh sé deacair sa ghearrthéarma cloí le teorainnluach 0,01 mg/m³ don chodán in-ionanálaithe agus 0,0025 mg/m³ don chodán inanálaithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, idirthréimhse 6 bliana a thabhairt isteach tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, tréimhse ar lena linn a bheidh feidhm ag na teorainnluachanna 0,02 mg/m³ (codán in-ionanálaithe) agus 0,0042 mg/m³ (codán inanálaithe).

(11) Úsáidtear cóbalt i roinnt earnálacha, amhail earnáil na gceallraí, a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo chun na spriocanna a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) a bhaint amach. Is miotal guaiseach é cóbalt lena mbaineann rioscaí tromchúiseacha sláinte d'oibrithe, amhail fadhbanna riospráide, damáiste croí, tíoróide, ae nó duáin, agus ailse féideartha, agus measctar go dtiocfaidh méadú thart ar 330 % ar a thomhaltas faoi 2050 mar thoradh ar an aistriú glas, rud a fhágann go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe. Dá bhrí sin, tá gá le teorainnluachanna nochta ceirde le haghaidh cóbailt agus comhdhúile cóbailt neamhorgánacha chun cuidiú le héifeachtaí fadtéarmacha ar shláinte agus ar fholláine oibrithe a chosc agus chun tacú le tarraingteacht, iomaíochas agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach thionscal an chóbailt san Aontas, agus ag an am céanna athlonnú fiontar próiseála cóbailt chuig tríú tíortha nach bhfuil rialacháin sábháilteachta agus sláinte ceirde chomh dian céanna acu á sheachaint.

([10]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj).

(12) D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag earnálacha áirithe ina nochtar oibrithe do shubstaintí amhail cóbalt agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha (HIA) leis na teorainnluachanna nochta ceirde a chomhlíonadh. Sna hearnálacha sin nach féidir nochtadh a sheachaint ná a laghdú go leordhóthanach ar mhodhanna eile i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2004/37/CE, ba cheart trealamh cosanta riospráide a bheith ar fáil agus a bheith in úsáid go cuí ag oibrithe i gcomhréir leis an measúnú ar rioscaí dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) den Treoir sin chun a áirithiú go gcosnófar oibrithe go hiomchuí. Is gá do na Ballstáit uile na rialacha a chur chun feidhme i gcomhréir le hordlathas na mbeart rialaithe a leagtar amach in Airteagal 5 den Treoir sin, chun nochtadh oibrithe a dhíchur nó a íoslaghdú ar bhealach comhsheasmhach, chun cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud na mBallstát.

(13) Chun nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha agus do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a chosc nó a laghdú, leagtar amach i dTreoir 2004/37/CE ordlathas beart teicniúil agus eagraíochtúil. Sa chomhthéacs sin, níor cheart trealamh cosanta pearsanta (TCP), go háirithe trealamh cosanta riospráide aonair, a úsáid ach amháin mar rogha dheiridh. Is gá a áirithiú go roghnófar agus go n-úsáidfear TCP i gcomhréir le Treoir 89/656/CEE ([11]), lena n-áirítear an ceanglas go bhfeisteoidh gach TCP i gceart an té a chaithfidh tar éis aon choigeartú is gá, agus go gcomhlíonfaidh sé forálacha ábhartha de chuid an Aontais maidir le dearadh agus monarú i ndáil le sábháilteacht agus sláinte, go háirithe Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]). Ina theannta sin, is gá a áirithiú go gcoinnítear TCP in ord maith oibre agus i riocht sláinteach sásúil trí bhíthin na cothabhála, an deisithe agus an athsholáthair is gá.

(14) Tá meascáin áirithe de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha ann, go háirithe iad siúd ina mbíonn beinsi[a] piréin, a chomhlíonann na critéir lena n-aicmiú mar charcanaiginí, só-ghineacha, nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, agus a thagann, dá bhrí sin, faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE. Shainaithin CMR go bhféadfaí méideanna móra de na meascáin sin a ionsú tríd an gcraiceann agus d'aontaigh ACSH lena thábhachtaí atá sé teorainnluach nochta ceirde a thabhairt isteach le haghaidh na meascán uile de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE, arna dtomhas mar bheinsi[a]piréin, agus an nodaireacht maidir le craiceann atá in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin cheana féin a choinneáil.

(15) Maidir le meascáin de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha, is intuartha go mbeidh sé deacair sa ghearrthéarma ar roinnt earnálacha cloí le teorainnluach 0,00007 mg/m³ (arna thomhas mar bheinsi[a]piréin). Is iomchuí, dá bhrí sin, idirthréimhse 7 mbliana a thabhairt isteach tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ar tréimhse í a bhfuil feidhm le bheith ag an teorainnluach 0,00014 mg/m³ (arna thomhas mar bheinsi[a]piréin) lena linn. Ba cheart an idirthréimhse sin a theorannú do na hearnálacha seo a leanas: (a) teilgcheártaí cruach agus iarainn, lena n-áirítear monaróirí fearó-chóimhiotail; (b) monaróirí alúmanaim; (c) monaróirí carbóin agus graifíte; (d) gléasraí cóic; (e) driogadh tarra guail; (f) monaróirí táirgí teasfhulangacha; (g) táthú rianta traenach; (h) próisis mhiotalóireachta neamhfheiriúla eile; agus (i) teilgean miotal.

(16) Léiríonn sonraí eolaíocha agus teicniúla atá ar fáil, lena n-áirítear tuairimí ó CMR agus ACSH, go gcomhlíonann isipréin na critéir lena haicmiú mar charcanaigineach de chatagóir 1B i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, gur carcanaigin í de réir mar a shainmhínítear i dTreoir 2004/37/CE. Is iomchuí, dá bhrí sin, i gcomhréir le toradh an phróisis thríthaobhaigh, teorainnluach fadtéarmach nochta ceirde 8,5 mg/m³ (3 ppm) a bhunú, d'fhonn rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte oibrithe a chosc agus cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud na mBallstát.

([11]) Treoir 89/656/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta maidir le húsáid trealamh cosanta pearsanta ag oibrithe san ionad oibre (an tríú treoir ar leith de réir Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 393, 30.12.1989, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1989/656/oj).

([12]) Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/425/oj).

(17) Comhlíonann 1,4-dé-ocsán na critéir lena aicmiú mar shubstaint charcanaigineach de chatagóir 1B i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é mar a shainmhínítear i dTreoir 2004/37/CE. Is iomchuí, dá bhrí sin, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, amhail na tuairimí ó CMR agus ó ACSH, teorainnluach nochta ceirde fadtéarmach agus gearrthéarmach dar luach 7,3 mg/m³ (2 ppm) agus 73 mg/m³ (20 ppm), faoi seach, a bhunú, arna bhforlíonadh le nodaireacht maidir le craiceann, chomh maith le teorainnluach bitheolaíoch 45 mg HEAA i gcréitínín fuail/g, arna thomhas ag deireadh an nochta nó an tseala, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta.

(18) Le Treoir (AE) 2022/431 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]), leathnaíodh raon feidhme Threoir 2004/37/CE chun substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a áireamh, lena n-áirítear mearcair agus comhdhúile neamhorgánacha défhiúsacha mearcair, a cuireadh le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE. Ós rud é nach féidir gach comhdhúil neamhorgánach défhiúsach mearcair a aicmiú mar shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh, is gá a shoiléiriú nach bhfuil feidhm ag an teorainnluach ach amháin maidir le mearcair agus comhdhúile neamhorgánacha défhiúsacha mearcair a thagann faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE.

(19) Tagann táirgí íocshláinte guaiseacha, a mhéid atá substaintí carcanaigineacha, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh iontu, faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE, mar a aithnítear sna sainmhínithe oibre agus sna samplaí a leagtar síos i dTreoir ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2023 maidir le bainistiú sábháilte táirgí íocshláinte guaiseacha ag an obair. Chun sainaithint na substaintí sin a éascú, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht an 20 Feabhra 2025 dar teideal 'Liosta táscach de tháirgí íocshláinte guaiseacha de réir Airteagal 18a de Threoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair', rud a fhágann gur féidir Treoir 2004/37/CE a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach chun sláinte agus sábháilteacht oibrithe nochta a chosaint.

(20) Rinne an Coimisiún comhairliúchán dhá chéim le comhpháirtithe leasmhara sóisialta i gcomhréir le hAirteagal 154 de CFAE. Chuaigh sé i gcomhairle freisin le ACSH. Ghlac ACSH tuairimí maidir leis na substaintí uile atá faoi réir na Treorach seo agus mhol ACSH teorainnluach ceangailteach amháin nó níos mó le haghaidh gach ceann díobh, chomh maith le nodaireachtaí agus luachanna idirthréimhseacha le haghaidh cuid díobh, i gcás inarb iomchuí. Cuireann luachanna idirthréimhseacha ar chumas fostóirí na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh i mbearta breise bainistithe riosca agus modhanna teicniúla a fhorbairt chun an comhlíonadh a áirithiú. I ndáil leis sin, d'fhéadfadh cláir de chuid an Aontais atá ann cheana, amhail Fís Eorpacha bheith ina gcabhair le réitigh nuálacha a fhorbairt chun sláinte na n-oibrithe a chosaint.

(21) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúchán ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Agus teorainnluachanna á mbunú nó á n-athbhreithniú aige, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le CMR agus ACSH chun a áirithiú go bhfuil na teorainnluachanna sin bunaithe ar fhianaise, comhréireach agus intomhaiste.

(22) Tá sé ríthábhachtach go n-úsáidtear an gnáthnós imeachta reachtach chun teorainnluachanna ceangailteacha a shocrú faoi Threoir 2004/37/CE toisc nach ábhar atá le breithniú go teicniúil amháin é an Treoir sin a leasú, ach go bhfuil gá le measúnú polaitiúil ina leith chomh maith.

(23) Tá baol ann go nochtfar oibrithe áirithe, go háirithe comhraiceoirí dóiteáin agus pearsanra seirbhísí éigeandála eile, do ghuaiseacha éagsúla a eascraíonn as dóiteáin agus as teagmhais neamh-dhóiteáin le linn a gcuid oibre, lena n-áirítear do charcanaiginí, do shó-ghineacha agus do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfadh fostóirí comhraiceoirí dóiteáin agus pearsanra seirbhísí éigeandála eile measúnú agus laghdú ar an riosca nochta do charcanaiginí, do shó-ghineacha agus do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, i gcomhréir le Treoir 2004/37/CE d'fhonn cosaint comhraiceoirí dóiteáin agus pearsanra seirbhísí éigeandála eile a neartú i gcoinne, inter alia, hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha agus, ar an gcaoi sin, an riosca a bhaineann le galair cheirde a laghdú. Forbraíodh treoir cheana féin maidir le rioscaí a eascraíonn as nochtadh d'aispeist, lena n-áirítear treoir earnáilsonrach do chomhraiceoirí dóiteáin agus do phearsanra seirbhísí éigeandála eile. I bhfianaise na rioscaí sonracha agus ardleibhéil a bhaineann go dlúth le seirbhísí éigeandála, tá sé tábhachtach go smaoineodh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta ábhartha agus leis na húdaráis náisiúnta, ar uirlis shonrach measúnaithe riosca idirghníomhaigh ar líne (OiRA) a fhorbairt a bheadh saincheaptha do riachtanais na seirbhísí sin.

([13]) Treoir (AE) 2022/431 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair (IO L 88, 16.3.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/431/oj).

(24) Is minic oibrithe a bheith á nochtadh do mhanglam substaintí guaiseacha san ionad oibre, rud a d'fhéadfadh rioscaí a mhéadú agus éifeachtaí díobhálacha sláinte a bheith mar thoradh air. I gcás nochtadh do theaglaim substaintí atá ag gníomhú tríd an modh gníomhaíochta céanna nó ag gníomhú ar na spriocorgáin, spriocfhíocháin nó sprioc-chealla céanna, is féidir go bhfuil gá le cur chun feidhme na teorainnluachanna ceirde arna mbunú de bhun Threoir 2004/37/CE a oiriúnú chun a éifeachtaí comhcheangailte na substaintí sin a chur san áireamh. Tá sé sin ábhartha, inter alia, do chomhraiceoirí dóiteáin agus do phearsanra seirbhísí éigeandála eile. Agus treoirlínte an Aontais maidir leis na héifeachtaí a bhaineann le nochtadh do theaglaim substaintí á n-ullmhú aige, ba cheart don Choimisiún sainiúlachtaí ábhartha na seirbhísí sin a chur san áireamh. Ba cheart na treoirlínte sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin EU-OSHA agus go scaipfeadh na húdaráis inniúla ábhartha iad sna Ballstáit uile.

(25) Is gá oiliúint leordhóthanach iomchuí a chur ar oibrithe, ar bhonn na faisnéise uile atá ar fáil, i gcás ina nochtar nó nuair is dócha go nochtfar do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh iad, lena n-áirítear iad siúd atá i dtáirgí íocshláinte guaiseacha áirithe. An oiliúint a cheanglaítear ar an bhfostóir a sholáthar de bhun Threoir 2004/37/CE, ba cheart í a oiriúnú chun riosca nua nó athraithe a chur san áireamh, go háirithe nuair a nochtar oibrithe do charcanaiginí nua, do shó-ghineacha nua nó do shubstaintí nua atá tocsaineach don atáirgeadh nó do roinnt carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí éagsúla atá tocsaineach don atáirgeadh, lena n-áirítear i dtáirgí íocshláinte guaiseacha, nó i gcás athrú ar dhálaí a bhaineann leis an obair. Ba cheart an oiliúint sin a sholáthar arís agus arís eile go tréimhsiúil más gá.

(26) Maidir le sonraí uile-Aontais ó fhadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair mar gheall ar nochtadh do chóbalt agus do chomhdhúile cóbailt neamhorgánacha, do hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha, d'isipréin agus do 1,4-dé-ocsain, is minic nach mbíonn siad ar fáil, iontaofa nó leordhóthanach. D'fhéadfadh sé a bheith iomchuí don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar mholtaí a fhorbairt maidir le bailiú sonraí arna dhéanamh ag na Ballstáit chun feabhas a chur ar na clárlanna tuairiscithe agus nochta.

(27) Chun ardleibhéal cosanta a bhaint amach d'oibrithe in aghaidh rioscaí a bhaineann le carcanaiginí, só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, ní mór do na Ballstáit cosaint chomhionann a choinneáil ar bun do gach oibrí agus comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as Treoir 2004/37/CE ag FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair, a éascú. Tá acmhainní teoranta airgeadais, teicniúla agus daonna ag FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair, arb ionann iad agus tromlach mór na bhfiontar san Aontas. Tá sé tábhachtach go mbeadh sé d'acmhainn ag FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair, an Treoir sin a chomhlíonadh, nach ndéanfaí difear díréireach dóibh, go háirithe ag ceanglais riaracháin, agus gur féidir leo dul chun cinn a dhéanamh i dtreo deireadh a chur le rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha agus do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh san ionad oibre, rud a rachaidh chun tairbhe do gach oibrí.

(28) An 29 Bealtaine 2024, ghlac ACSH tuairim maidir le ceimiceáin tosaíochta le haghaidh teorainnluachanna nua nó athbhreithnithe um nochtadh ceirde faoi reachtaíocht an Aontais lena sainaithnítear liosta substaintí tosaíochta atá le húsáid chun togra a fhorbairt le haghaidh teorainnluach Aontais faoi Threoir 2004/37/CE. Áirítear ar an liosta go háirithe cúig shubstaint nó grúpa substaintí a aicmítear mar 'Substaintí tosaíochta láithreacha' (Ocsaímí, Ocsaím bhútánóin, N-(Hiodrocsaimeitil) aicriolaimíd (NMA), orgánastáin agus débhróimíd eitiléine). Mhol ACSH go láidir don Choimisiún an liosta sin a úsáid agus na ceimiceáin á roghnú aige agus iad le háireamh ina thograí reachtacha lena leasaítear Treoir 2004/37/CE chun teorainnluachanna nua nó athbhreithnithe a áireamh.

(29) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo eadhon oibrithe a chosaint ar nochtadh do charcanaiginí, do só-ghineacha agus do substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair, a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonair, agus, de bharr a fhairsinge nó a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 de CFAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(30) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2004/37/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2004/37/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

'(ii) substaint, meascán nó próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, nó substaint nó meascán a scaoiltear trí phróiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin, a bhfuil éifeachtaí carcanaigineacha aige;';

(b) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

'(ii) substaint, meascán nó próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, nó substaint nó meascán a scaoiltear trí phróiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin, a bhfuil éifeachtaí só-ghineacha aige;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ba):

'(ba) ciallaíonn "substaint atá tocsaineach don atáirgeadh":

(i) substaint nó meascán lena gcomhlíontar na critéir lena haicmiú nó lena aicmiú mar shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;

(ii) substaint, meascán nó próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, nó substaint nó meascán a scaoiltear trí phróiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin, a bhfuil éifeachtaí atá tocsaineach don atáirgeadh aige;';

(2) in Airteagal 5(5), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Áireofar le bearta cosanta aonair dá dtagraítear i bpointe (g) den chéad fhomhír den mhír seo trealamh cosanta pearsanta, go háirithe feistí cosanta riospráide, i gcás nach féidir nochtadh a sheachaint nó a laghdú ar bhealach leordhóthanach eile, d'ainneoin na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm chun nochtadh a chosc nó a laghdú i gcomhréir leis an Airteagal seo. Sna cásanna sin, úsáidfear trealamh cosanta pearsanta mar rogha dheireanach chun a áirithiú go ndéanfar oibrithe a chosaint go leordhóthanach agus, in aon chás, chun teagmháil a sháraíonn teorainnluachanna atá leagtha síos a sheachaint. Déanfar trealamh cosanta pearsanta a roghnú, a choigeartú ar bhealach sainiúil agus ceart chun é a fheistiú ar an duine féin, agus a chothabháil, i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 5 de Threoir 89/656/CEE ón gComhairle (*).

(*) Treoir 89/656/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta maidir le húsáid trealamh cosanta pearsanta ag oibrithe san ionad oibre (an tríú treoir ar leith de réir Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 393, 30.12.1989, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1989/656/oj).';

(3) in Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Agus trealamh cosanta pearsanta á chaitheamh acu, beidh oibrithe i dteideal sosanna tráthrialta i limistéar nach bhfuil aon riosca éillithe de bharr carcanaiginí, só-ghineacha ná substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh. Cinnfear fad agus minicíocht na sosanna tríd an measúnú ar na rioscaí don tsábháilteacht agus don tsláinte ag an obair a chur san áireamh.';

(4) in Airteagal 18a, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'12. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh aon fhorbairtí nua san eolas eolaíoch, lena n-áirítear tuairim ón gCoiste um Measúnú Riosca na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán, agus déanfaidh sé measúnú, tar éis comhairliúchán iomchuí a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha, i gcás inarb iomchuí, ar cheart teorainnluachanna breise a leagan síos do shubstaintí atá i múch tháthúcháin dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, pointe (9), a ghabhann leis an Treoir seo.'.

(5) Leasaítear Iarscríbhinní I, III agus IIIa a ghabhann le Treoir 2004/37/CE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 2

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 20 Samhain 2028. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Cinnfidh na Ballstáit an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh in Strasbourg, an 21 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	T. DOOLEY

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IIIa a ghabhann le Treoir 2004/37/CE mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'An liosta substaintí, meascán agus próiseas (Airteagal 2, pointí (a)(ii), (b)(ii) agus (ba)(ii))';

(2) in Iarscríbhinn I, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'9. Obair lena mbaineann nochtadh do mhúch ó phróisis táthúcháin ina bhfuil substaintí nó meascáin lena gcomhlíontar na critéir lena n-aicmiú mar charcanaigin, só-ghineach nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) 1272/2008 (*).

(*) Ní rachaidh an nochtadh thar an teorainnluach maidir le carcanaigin, só-ghineach nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo é i gcás ina scaoiltear na substaintí sin le linn an phróisis táthúcháin.';

(3) in Iarscríbhinn III, leasaítear pointe A mar a leanas:

(a) sa Tábla, cuirtear an méid seo a leanas in áit an ró a bhaineann le meascáin de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha, go háirithe iad siúd ina bhfuil beinsi[a]piréin, ar carcanaiginí iad de réir bhrí na Treorach seo:

'Ainm an oibreáin	Uimh. CE[1]	Uimh. CAS[2]	Teorainnluachanna						Nodaireacht	Bearta idirthréimhseacha
			8 n-uaire an chloig[3]			Gearrthéarmach[4]				
			mg/m³[5]	ppm[6]	f/ml[7]	mg/m³[5]	ppm[6]	f/ml[7]		
Meascáin de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha ina bhfuil beinsi[a]piréin, ar carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh iad mar a shainmhínítear sa Treoir seo			0,00007 ([17])						Craiceann[10]	Teorainnluach 0,00014 ([17]) go dtí an 20 Samhain 2033 teoranta do na hearnálacha seo a leanas: (1) teilgcheártaí cruach agus iarainn, lena n-áirítear monaróirí fearó-chóimhiotail; (2) monaróirí alúmanaim; (3) monaróirí graifíte agus carbóin; (4) gléasraí cóic; (5) driogadh tarra guail; (6) monaróirí táirgí teasfhulangacha; (7) táthú rianta traenach; (8) próisis mhiotalóireachta neamhfheiriúla eile; (9) teilgean miotal.

([17]) Arna thomhas mar bheinsi[a]piréin.';

ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2026/2450/oj

(b) sa tábla, cuirtear an méid seo a leanas in áit an ró a bhaineann le mearcair agus comhdhúile mearcair neamhorgánacha défhiúsacha lena n-áirítear ocsaíd mhearcarach agus clóiríd mhearcarach (arna dtomhas mar mhearcair):

'Ainm an oibreáin	Uimh CE[1]	Uimh. CAS[2]	Teorainnluachanna						Nodaireacht	Bearta idirthréimhseacha
			8 n-uaire an chloig[3]			Gearrthéarmach[4]				
			mg/m³ [5]	ppm[6]	f/ml[7]	mg/m³[5]	ppm[6]	f/ml(7)		
Mearcair agus comhdhúile neamhorgánacha défhiúsacha mearcair a thagann laistigh de raon feidhme na Treorach seo (arna dtomhas mar mhearcair)			0,02';							

(c) sa tábla, cuirtear na rónna seo a leanas leis:

'Ainm an oibreáin	Uimh. CE[1]	Uimh. CAS[2]	Teorainnluachanna						Nodaireacht	Bearta idirthréimhseacha
			8 n-uaire an chloig[3]			Gearrthéarmach[4]				
			mg/m³[5]	ppm[6]	f/ml[7]	mg/m³[5]	ppm[6]	f/ml[7]		
Cóbalt agus comhdhúile cóbailt neamhorgánacha			0,01 ([18]) 0,0025 ([19])						íogrú craicinn agus riospráide[13]	Teorainnluach 0,02 ([18]) agus 0,0042 ([19]) go dtí an 20 Samhain 2032.
Isipréin	201-143-3	78-79-5	8,5	3	—	—	—	—		
1,4-dé-ocsán	204-661-8	123-91-1	7,3	2		73	20		Craiceann(10)	

([18]) Codán in-ionanálaithe, arna thomhas mar chóbailt.
([19]) Codán inanálaithe, arna thomhas mar chóbailt.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IIIa:

'Iarscríbhinn IIIa

TEORAINN LUACHANNA BITHEOLAÍOCHA AGUS BEARTA FAIREACHAIS SLÁINTE

(Airteagal 16(4))

1. Luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha.

1.1. Mar chuid den fhaireachán bitheolaíoch, ní mór an leibhéal luaidhe san fhuil (PbB) a thomhas trí speictriméadracht ionsúcháin nó trí mhodh eile lena dtugtar torthaí coibhéiseacha.

1.1.1. Go dtí an 31 Nollaig 2028, seo a leanas an teorainnluach bitheolaíoch ceangailteach:

30 µg Pb/100 ml fola

Maidir le hoibrithe a sáraíonn a leibhéal luaidhe san fhuil an teorainnluach bitheolaíoch 30 µg Pb/100 ml fola mar gheall ar nochtadh a tharla roimh an 9 Aibreán 2026, ach atá faoi bhun 70 µg Pb/100 ml fola, déantar faireachas leighis orthu ar bhonn rialta. Má shuitear gurb ann do threocht atá ag dul i laghad i dtreo theorainnluach 30 µg Pb/100 ml fola sna hoibrithe sin, féadfaidh an fostóir cead a thabhairt dóibh leanúint ar aghaidh le hobair lena mbaineann nochtadh do luaidhe.

1.1.2. Ón 1 Eanáir 2029, seo a leanas an teorainnluach bitheolaíoch ceangailteach:

15 µg Pb/100 ml fola (*)

Maidir le hoibrithe a sáraíonn a leibhéal luaidhe san fhuil an teorainnluach bitheolaíoch 15 µg Pb/100 ml fola mar gheall ar nochtadh a tharla roimh an 9 Aibreán 2026, ach atá faoi bhun 30 µg Pb/100 ml fola, déantar faireachas leighis orthu ar bhonn rialta. Má shuitear gurb ann do treocht atá ag dul i laghad i dtreo theorainnluach 15 µg Pb/100 ml fola sna hoibrithe sin, féadfaidh an fostóir cead a thabhairt dóibh leanúint ar aghaidh le hobair lena mbaineann nochtadh do luaidhe.

1.2. Déantar faireachas leighis más amhlaidh gur airde an nochtadh do thiúchan luaidhe san aer ná 0,015 mg/m^3, arna ríomh mar mheán am-ualaithe thar 40 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, nó má dhéantar leibhéal luaidhe san fhuil níos airde ná 9 µg Pb/100 ml fola a thomhas in oibrithe aonair. Déantar faireachas leighis freisin maidir le hoibrithe baineanna atá in aois clainne agus a bhfuil a leibhéal luaidhe san fhuil os cionn 4,5 µg Pb/100 ml fola nó luach tagartha náisiúnta an phobail i gcoitinne nach nochtar do luaidhe ar bhonn ceirde, más ann do luach den sórt sin.

2. 1,4-dé-ocsán

Is é 45 mg HEAA (**) i gcréitínín fuail/g an teorainnluach bitheolaíoch ceangailteach, arna thomhas ag deireadh an nochta nó an tseala, i gcomhréir leis an dlí nó an cleachtas náisiúnta.

(*) Moltar nach sáróidh an leibhéal luaidhe san fhuil i mná in aois clainne luachanna tagartha an phobail i gcoitinne nach nochtar do luaidhe san ionad oibre sna Ballstáit faoi seach den Aontas. Nuair nach mbíonn leibhéil tagartha náisiúnta ar fáil, moltar nach sáródh an leibhéil luaidhe san fhuil i mná atá in aois clainne an Treoirluach Bitheolaíochta 4,5 µg/100 ml.

(**) aigéad (2-Hiodrocsa-eatocsa)icéiteach.'.